

1. Cad a rinne tú i rith na seachtaine? What did you do during the week?
2. An raibh tú riamh sa Fhrainc? Were you ever in France?
3. An bhfuil aon Fraincis agat? Do you speak any French?
4. An maith leat bia Francach? Do you like French food?
5. Cén saghas ceoil is maith leat? What kind of music do you like?

Bunchóip d'amhrán grá Gàidhlig ...
Maitiú Ó Coimín ar tuairisc.ie

The original manuscript of a Gaelic love song ...
Maitiú Ó Comín on tuairisc.ie

1. Beidh lámhscríbhinn Gàidhlig a scríobhadh sna trinsí sa Fhrainc le linn an Chogaidh Mhóir mar chuid de thaispeántas nua in Albain.
A Gaelic manuscript that was written in the trenches in France during the Great War will be part of a new exhibition in Scotland.
2. Tá maoiniú £165,000 (céad seasca a cúig míle punt) (€196,000 – céad nócha a sé míle euro) faighte ag *Comunn Eachdraidh Uibhist a Tuath* (Cumann Staire Uibhist a Tuath) in Albain le hathchóiriú a dhéanamh ar Sheanscoil Cairinis san oileán agus earraí a bhaineann leis an gcultúr Gaelach a chur ar taispeánt ann.
An endowment of £165,000 (€196,000) was received by *Comunn Eachdraidh Uibhist a Tuath* (North Uist Historical Society) in Scotland to renovate the Cairinis Old School on the island and to put items that have to do with the Gaelic culture on display there.
3. Beidh bunchóip den amhrán grá ‘An Eala Bhàn’ i measc na n-earraí sin, amhrán a scríobh iardhalta de chuid na scoile, Dòmhnall Ruadh Chorùna, agus é ag teacht chuige féin tar éis gortú mór le linn Chath an Somme sa Chogadh Mór.
There will be an original copy of the love song ‘The White Swan’ among those items, a song that a former student of the school, Dòmhnall Ruadh Chorùna, wrote as he was recovering after a bad wound during the Battle of the Somme in the Great War.
4. Chan an t-amhránaí aitheanta Gàidhlig Julie Fowlis an t-amhrán ag ócáid chomórtha an chatha sa Fhrainc in 2016 (dhá mhíle is a sé déag).
The well-known Gaelic singer, Julie Fowlis, sang the song at an event commemorating the battle in France in 2016
5. Dúirt Fowlis, a d’fhreastail ar an scoil freisin, gur mhór an onóir a bhí ann an t-amhrán a rá agus chuir sí fáilte roimh an scéala go mbeidh an cháipéis agus nithe eile a bhaineann le cultúr an oileáin ar taispeánt.
Fowlis, who also attended the school, said that it was a great honor to sing the song and she welcomed the news that the document and other things having to do with the culture of the island will be on display.
6. “Tá an eagraíocht [*Comunn Eachdraidh*] agus an pobal féin tar éis na céadta, nó na mílte, rud luachmhar a bhaineann le saol cultúrtha Uibhist a Tuath a bhailiú agus a chur i dtaisce.
“The organization [*Comunn Eachdraidh*] and the community itself have just collected and put into storage hundreds, or thousands of valuable items that have to do with the cultural life of North Uist.
7. Is ceart agus is cóir go dtabharfaí na rudaí seo abhaile chuig an bhfoirgneamh seo, atá ag croí an phobail leis na blianta fada,” a dúirt sí.
It’s right and proper that these things should be brought home to this building, that has been at the heart of the community for many years,” she said.
8. Beidh ábhar eile a bhaineann leis an gcogadh ar taispeánt san ionad nuachóirithe chomh maith le hearraí ón oileánra Gaelach Hiort atá i bhfad amach ó chósta na hAlban san Aigéan Atlantach.
There will be other material that has to do with the war on display in the renovated location as well as items from the Gaelic archipelago of St. Kilda that is far out from the coast of Scotland in the Atlantic Ocean.

9. Thréig pobal Hiort, ar chainteoirí Gàidhlig iad, an t-oileán i 1936 (naoi déag triocho a sé). The people of St. Kilda, who were Gaelic speakers, abandoned the island in 1936.
10. Tá ábhar a bhaineann leis an mbanna roc-cheoil Gàidhlig Runrig sa bhailiúchán freisin. There is material that has to do with the rock group Runrig in the collection, too.
11. Chuir Udsean Robertson ón gComann Eachdraidh fáilte roimh an scéala freisin. Udsean Robertson from the Historical Society welcomed the news, too.
12. “Tá lúcháir orm gur fhógair Riaghaltas na h-Alba an maoiniú seo, a chabhróidh go mór le haidhmeanna Chomunn Eachdraidh an Ghàidhlig a chothú agus oidhreacht, stair, cultúr, agus traidisiúin Uibhist a Tuath a chaomhnú agus a chur chun cinn. “I am glad that the Government of Scotland announced this endowment, which will help a lot with the goals of the Historical Society to nurture Gaelic and to preserve and advance the heritage, history, culture and traditions of North Uist.
13. Tá ceantar Cairinis sáite sa stair agus sa traidisiún mar atá an Uibhist a Tuath trí chéile. The area of Cairinis is steeped in history and tradition as is all of North Uist.
14. “Tá radharc ón tseanscoil ar Theampull na Trionaid, coláiste cléireach agus foghlama a tógadh sa 12ú hAois (dara haois déag). “There is a view from the old school of Trinity Church, a clerical and learning college that was build in the 12th Century.
15. Chomh maith leis sin, fearadh Cath Cairinis i ngiorracht don áit sa bhliain 1601 idir Clann Mhic Dhòmhnail agus Clann Mhic Leòid freisin,” a dúirt Robertson. As well as this, the Battle of Carinis was fought close to the place in the year 1601 between the McDonald clan and the McCloud clan, too,” said Robertson.
16. Cuirfear £200,000 (dhá chéad míle punt) (€238,000 – dhá chéad triocho a hocht míle euro) eile ar fáil d’amharclann Ghàidhlig in Uibhist a Deas. Another £200,000 (€238,000) will be made available for a Gaelic theater in South Uist.

Ceisteanna

1. Cathain ar scríobhadh an t-amhrán?
2. Cár scríobhadh é?
3. Cé a scríobh é?
4. Cad a fuair *Comunn Eachdraidh Uibhist a Tuath* ón Rialtas?
5. Cén banna roc-cheoil atá luaite san alt?
6. Cad a tharla do phobal Hiort?
7. An maith leat cultúr na hAlban?

Questions

- When was the song written.
- Where was it written?
- Who wrote it?
- What did the North Uist Historical Society get from the government?
- Which rock band is mentioned in the article?
- What happened to the people of St. Kilda?
- Do you like Scottish culture?